



# Ráiteas Meán maidir leis an Dara tuarascáil taighde eatramhach ar fhorfheidhmiú agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach

## 25 Aibreán 2023

---

Is díol sásaimh don Chomhairle Náisiúnta Curacláir agus Measúnachta (CNCM) é foilsiú *Iníúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha - Tuarascáil eatramhach uimh. 2*. Is í seo an dara tuarascáil i sraith de thuarascálacha taighde maidir le cur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata agus, mar sin, tá léargais eile le fáil inti maidir le heispéiris scoileanna agus iad ag obair leis an gCreat ó tugadh isteach é in 2015.

Leis an taighde don dara tuarascáil, tarraingíodh ó chás-staidéir mhionsonracha ar shampla ionadaíoch de 12 scoil. Chomh maith le fócas leanúnach ar dhearcthaí múinteoirí áiritear dearcthaí scoláirí agus tuismitheoirí den chéad uair, le hionchur ó 1,830 scoláire ón tSraith Shóisearach. Comhlánaíonn an tacar sonraí ón gcéad chéim de na suirbhéanna múinteora, ó 100 scoil, na sonraí seo.

Ar na léargais a foilsíodh inniu, tá:

- Go dtacaíonn múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí le réasúnaíocht an athraithe mar atá leagtha amach sa Chreat.
- Go mbaineann an réimse leathan tacaíochta seo le hoideolaíochtaí nua agus cleachtais nua mheasúnaithe freisin. Gur thuairiscigh múinteoirí go gcuireann siad i bhfeidhm anois níos mó cur chuige oideolaíochta scoláire-lárnaithe agus scoláire-threoraithe agus réimse níos leithne de mhodhanna measúnaithe.
- Gur thuairiscigh múinteoirí go raibh na hathruithe tar éis dul i bhfeidhm go dearfach ar fhoghlaim an scoláire agus go bhfuil guth an scoláire le sonrú níos mó mar aon le níos mó freagrachta agus úinéireachta ag an scoláire i leith a chuid foghlama agus seomraí ranga níos comhoibríche tarraingtí ann.
- Gur chreid líon suntasach scoláirí go rabhthas ag freastal ar a gcuid riachtanas agus spéiseanna foghlama le linn na Sraithe Sóisearaí, go háirithe le linn a cuid luathbhlianta.
- Go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chomhoibriú agus plé gairmiúil múinteoirí, agus go raibh sé seo le sonrú thar na foinsí sonraí go léir.
- Gur thacaigh tuismitheoirí le tabhairt isteach na MRBanna agus go ndearna siad tagairt do mhórán buntáistí a thagann leo dá gcuid páistí.
- Cuireadh fáilte roimh thabhairt isteach na gClár Foghlama Leibhéal 1 agus 2\*, agus múinteoirí agus scoileanna ag tagairt don chaoi a dtacaíonn na cláir le scoil níos ionchuimsithí.

Léiríonn an taighde freisin na réimsí a bhfuil tuilleadh machnaimh le déanamh orthu maidir le fíís an Chreata a chur i gcrích. Ina measc sin, tá:

- An tábhacht a chuirtear leis na MRBanna i gcomhthéacs mheasúnú foriomlán na Sraithe Sóisearaí. Chreid múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí gur thacaigh na MRBanna

le rannpháirtíocht, taitneamh, inspreagadh agus forbairt scileanna an scoláire ach bhraith nár léiríodh dóthain measa ar na hiarrachtaí a cuireadh isteach sna MRBanna.

- An cultúr measúnaithe níos leithne, nó is é sin an lionsa trína mbraitear na hathruithe ar an tSraith Shóisearach, agus an chaoi a mbíonn na scrúduithe deiridh i gcónaí ar na rudaí is mó a mbíonn múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí buartha fúthu.
- Tionchar na paindéime Covid-19 ar leibhéal na rannpháirtíochta agus ar an dul chun cinn maidir leis na hathruithe ag leibhéal na scoile.
- An gá atá le tuiscint i measc tuismitheoirí ar fhís an Chreata agus na n-athruithe curaclaim, go háirithe ó thaobh an mheasúnaithe de.

Is staidéar spreagúil é an taighde fadaimseartha ceithre bliana seo, a cuireadh ar bun i ndeireadh 2020 agus atá bunaithe ar shampla atá ionadaíoch go náisiúnta, agus is é is aidhm leis dearcthaí agus eispéiris múinteoirí, príomhoidí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara níos leithne an oideachais a fháil ar an gCreat don tSraith Shóisearach. Tá an taighde idir lámha, thar ceann CNCM, ag foireann taighde in Ollscoil Luimnigh a bhfuil an taithí chuí acu, agus tá sé bunaithe ar shaineolas suntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar an taighde fadaimseartha.

Agus í ag cur fáilte roimh an tuarascáil, dúirt an tAire Norma Foley:

*'Ón dara tuarascáil seo, is féidir linn na hathruithe dearfacha atá ag teacht chun cinn ó athchóiriú na Sraithe Sóisearaí a fheiceáil go soiléir, go háirithe an t-athrú i dtreo chúrsaí teagaisc agus foghlama atá níos scoláire-lárnaithe agus scoláire-threoraithe, agus comhoibriú gairmiúil níos fearr. Tá guthanna scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí léirithe anseo rud a thugann tuiscint ar an eispéireas atá ag scoileanna go dáta ar an athchóiriú mór seo. Tá ról thar a bheith luachmhar ag taighde den sórt seo chun tacú le cur i bhfeidhm leanúnach an mhór-athchóirithe seo, trí mheasúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar na tionchair, chomh maith le taifead a choinneáil ar na dúshláin agus ar an bhfoghlaim, agus táim ag tnúth leis an gcéad chéim eile den staidéar tábhachtach seo.'*

Ag labhairt di ar thábhacht an staidéir d'obair CNCM, is é a dúirt Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM:

*'Trí chás-staidéir shaibhir, tugann an dara tuarascáil seo muid taobh istigh de scoileanna agus seomraí ranga de réir mar a roinneann múinteoirí samplaí dá dtiomantas d'athrú curaclaim agus measúnaithe agus iad ag machnamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu i dtreo fhís an Chreata don tSraith Shóisearach a bhaint amach. Láidreach eile atá sa tuarascáil ná go gcloisimid go díreach ó scoláirí agus óna dtuismitheoirí. Meabhraíonn a gcuid machnaimh dúinn an tábhacht a bhaineann leis na hathruithe atá tugtha isteach ag an gCreat agus go dtógann athrú fiúntach am. Leagann an staidéar fadaimseartha téagartha seo béim ar thiomantas na Comhairle d'fhianaise taighde. Cabhróidh an fhianaise seo leis an CNCM leanúint ar aghaidh ag tacú le hobair scoileanna sa tsraith shóisearach den iar-bhunoideachas agus ag an am céanna cur le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Ina theannta sin, cabhróidh torthaí an staidéir leis an gComhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreat agus comhairle a thabhairt maidir lena nuashonrú, mar agus nuair is gá, chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú ardchaighdeáin.'*

Táthar ag súil leis go leanfar, leis an dara tuarascáil seo, den ardú feasachta maidir leis an staidéar fadaimseartha agus de léiriú a luacha do gach duine atá bainteach le múnlú eispéireas na Sraithe Sóisearaí chun leasa ár ndaoine óga. Leanfaidh an fhoireann taighde ar aghaidh ag obair go dlúth le scoileanna agus páirtithe leasmhara go dtí 2024. Cuimsíonn obair leanúnach sa staidéar an dara suirbhé múinteora, rud a chuirfidh leis na torthaí ón gcéad chéim den suirbhé múinteora, an dara babhta de chuartheanna scoile cás-staidéir agus agallaimh le suas le 100 príomhoide scoile.

Cuirfidh an chéad tuarascáil eile leis na téamaí agus torthaí a eascraíonn as an tuarascáil seo agus as an chéad Réamhthuarascáil agus déanfar iad a fhorbairt agus táthar ag súil le go bhfoilseofar í sa dara ráithe de 2024.

Tá CNCM fíorbhuíoch de na scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus ceannairí scoile sna scoileanna rannpháirteacha ar fud na tíre as a bheith sásta a gcuid scéalta a roinnt i gcaitheamh an staidéir. Glacann CNCM buíochas le agus tugann moladh mór freisin d'obair Fhoireann Taighde Ollscoil Luimnigh agus tá an Chomhairle ag tnúth le tuarascálacha ón staidéar amach anseo.

<CRÍOCH>



## Nóta d'eagarthóirí

Tá an Tuarascáil mar aon le níos mó eolais ar an taighde ar fáil ar líne ag: [Junior Cycle National Project | University of Limerick \(ul.ie\)](#) / [Tionscadal Náisiúnta na Sraithe Sóisearaí | Ollscoil Luimnigh \(ul.ie\)](#)

## Na meáin shóisialta:

Twitter: @ncca.ie

Facebook: @nccaireland

Instagram: ncca\_irl

## Teagmháil:

An tOllamh Oliver McGarr, Scoil an Oideachais, Ollscoil Luimnigh [Oliver.McGarr@ul.ie](mailto:Oliver.McGarr@ul.ie)

Aoife Rush, Stiúrthóir CNCM [aoife.rush@ncca.ie](mailto:aoife.rush@ncca.ie)

Elaine Ní Neachtain, Stiúrthóir CNCM [elaine.nineachtain@ncca.ie](mailto:elaine.nineachtain@ncca.ie)

## Faisnéis Chúlra

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ceapann an tAire sé chomhalta is fiche ar an gComhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana. Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar na comhpháirtithe oideachais, tionscail agus ceardchumann, ar scoláirí, ar eagraíochtaí na dtuismitheoirí agus ar leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthú agus Óige ar an gComhairle freisin. Ceapann an tAire Oideachais an Cathaoirleach. Tacaíonn trí bhord agus grúpaí forbartha éagsúla obair na Comhairle. Seasann cuid de na baill do pháirtithe leasmhara na Comhairle. Stiúránn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin obair na Comhairle ó lá go lá, le tacaíocht ó fhoireann feidhmiúcháin lánaimseartha.

## \*Cláir Foghlama L1 agus L2

Tugadh isteach Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2: Treoirínte do Mhúinteoirí mar chuid den Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Díríonn Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2) ar an ngrúpa an-sonrach de scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu sna catagóirí ardfheidhmiúil measartha agus ísealfheidhmiúil éadrom. Díríonn Cláir Foghlama Leibhéal 1 (CFL1) ar an ngrúpa an-sonrach de scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu sna catagóirí ísealfheidhmiúil measartha agus géar agus trom.

## Foilseacháin agus Tuairiscí

[Creat don tSraith Shóisearach 2015](#)

[An Chéad Réamhthuarascáil](#) (Dearcthaí tosaigh i dtaobh cur i bhfeidhm, torthaí agus tionchar) *Iníúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Staidéar fadaimseartha* (OL, 2022).